



Cén fáth go bhfuil cur chuige na Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha in úsáid?

I measc na gcuspóirí oideachas-ábhartha atá luaite sa [Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge 2010-2030](#), agus sa [Phlean Gníomhaíochta 2018-2022](#) a bhaineann leis, tá an Roinn tiomanta d'iniúchadh a dhéanamh ar an gcur chuige FCÁT don pháirt-thumadh sa Ghaeilge i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta.

Cad í FCÁT?

Cur chuige oideachasúil défhócasaithe í FCÁT ina n-úsáidtear ábhar eile chun teanga agus ábhar a fhoghlaim agus a mhúineadh. Freastalaíonn cur chuige FCÁT ar ghnéithe den churaclam a sholáthar trí theanga eile seachas gnáthmheán teagaisc na scoile.

Cé nach ionann FCÁT agus an tumoideachas, cruthaíonn sí solúbthacht agus deiseanna do chur chuige a bhíonn níos dírithe ar fhoghlaim agus ar theagasc na sprioctheanga (Gaeilge sa chás seo) i suíomhanna luathbhlianta agus i scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla mar:

- méadaítear teagmháil teanga na bhfoghlaimoirí le Gaeilge nó le teangacha eile trína húsáid don chumarsáid agus don teagasc i bhfíor-chomhthéacsanna lasmuigh de na ranganna teanga scoite
- tacaítear le forbairt inniúlachtaí ardoird cognaíocha agus cruthaitheacha an fhoghlaimora
- déantar deiseanna tumoideachais agus foghlaim ábhair in achair churaclaim eile a shaothrú agus a chomhtháthú chun úsáid na teanga acadúil a thacú
- méadaítear stór teanga teagaisc cleachtóirí luathbhlianta, múinteoirí bunscoile agus múinteoirí Gaeilge agus ábhair eile
- déantar buntáistí an dátheangachais agus an ilteangachais a leathnú agus a chothú.

Conas mar atá forbairt ag teacht ar oideachas teanga?

Tá forbairtí suntasacha tarlaithe ar oideachas na Gaeilge sna luathbhlianta, agus ar sholáthar curaclam na Gaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ó foilsíodh [Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge 2010-2030](#), agus sa [Phlean Gníomhaíochta 2018-2022](#) an Rialtais.

- Cuireadh tús, i 2016, le Cigireachtaí Oideachais sna Luathbhlianta (COL) ina ndéantar meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i suíomhanna luathbhlianta atá páirteach sa Chlár Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLÓ) atá á mhaoiniú ag an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige.

- Cothaíonn Curaclam Teanga na Bunscoile (2015) cur chuige comhtháite d'fhoghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge.
- Don chéad uair, i 2016, foilsíodh sonraíocht Ghaeilge ar leith don Ghaeilge in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus in iar-bhunscoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla.

Cad iad na buntáistí a bhaineann le FCÁT?

Feabhsaíonn FCÁT spreagadh agus eolas i nGaeilge agus san ábhar eile freisin mar aon le scoileanna cogaíocha ar nós smaointeoireacht ardoird agus chriticiúil. Déantar feachtas chultúrtha agus eolas mar aon le straitéisí foghlama agus cumarsáide a fhorbairt freisin.

Do chleachtóirí/ mhúinteoirí, áirítear i measc na mbuntáistí deiseanna breise don fhorbairt ghairmiúil leanúnach ina méadófar a dtuiscint ar chur chuige FCÁT, ar na prionsabail oideolaíocha atá mar bhonn le FCÁT, mar aon le hoideolaíochtaí eile do theagasc teanga. Cruthaítear deiseanna freisin do leibhéil mhéadaithe comhoibrithe le comhghleacaithe óna suíomhanna/ scoileanna féin, mar aon le cleachtóirí/múinteoirí ó shuíomhanna agus scoileanna eile.

Tarlóidh mar thoradh freisin go mbeidh leanaí níos spreagtha chun Gaeilge a fhoghlaim.

Cad atá mar aidhm ag an tionscnamh FCÁT Corpoideachais as Gaeilge seo?

Is í aidhm an tionscnaimh ná cumas, meon agus muinín leanaí scoile a fheabhsú i leith na Gaeilge i suíomhanna luathbhlianta agus i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla.

Tionscnamh 3 bliana atá ann a thosóidh i mí Mheán Fómhair 2019.

Tréimhse forbartha a bheidh i mBliain 1 (2019/2020 – An Píolót) ina mbeidh líon beag scoileanna a bhíonn ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla agus suíomhanna Luathbhlianta ag obair le foireann tionscnaimh na Roinne chun na hacmhainní agus na tacaíochtaí a aithint a mbeidh gá leo don rollú amach níos leithne ar an gcur chuige i mBliain 2 agus i mBliain 3.

I mBliain 1, tá sé i gceist go mbeifear ag obair le dhá Shuíomh Luathbhlianta, cúig bhunscoil agus cúig iar-bhunscoil.

Beidh sé mar ghnéith thábhacht den tionscnamh pobail chleachtais a bhunú idir agus laistigh de scoileanna agus de shuíomhanna. Tacófar le trí chleachtóir/múinteoir, ar a laghad, i ngach suíomh/scoil. Ag an iar-bhunleibhéal, múinteoirí Gaeilge a bhfuil an dara ábhar acu a bheidh sa triúr múinteoir.

Caithfidh ardleibhéal muiníne agus cumais sa Ghaeilge a bheith ag na múinteoirí a bhíonn páirteach i mBliain 1 den phíolót.

Tá Coiste Stiúrtha bunaithe, ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Meascúnachta (CNCM), An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG), an Tionscnamh Teangacha Iar-Bhunscoile (TTIB), OCBÁC, IT Thrá Lí, Ollscoil Luimnigh agus OÉ Mhaigh Nuad, chun tionscnamh FCÁT a bhainistiú. Roghnóidh an Coiste Stiúrtha na scoileanna chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh. Déanfaidh foghrúpa a bheidh faoi chomhchathaoirleacht SFGM agus SSM na cláir oiliúna do mhúinteoirí a mbeidh gá leo a fhorbairt.

Cé na réimsí foghlama/na hábhair a mhúinfear trí mheán na Gaeilge?

Beidh gnéithe den téama “Cumarsáid” in Aistear (Creachuraclam na Luathbhlianta) mar fhócas do FCÁT i suíomhanna Luathbhlianta ó Bhliain 1 go 3 den tionscnamh.

I mBliain 1 (2019/20 – An Píolót) beidh trí ábhar i gceist ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Beidh Corpoideachas ar cheann de na hábhair ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Beidh an dá ábhar eile a roghnófar do Bhliain 1 ag brath ar na hiarratais a fhaightear ó scoileanna.

Cé na leanaí/na rang-ghrúpaí a bheidh páirteach?

Beidh leanaí i suíomhanna Luathbhlianta trí mheán an Bhéarla sa chlár COLÓ.

I mBliain 1 den phíolót, ag an mbunleibhéal, beidh an fócas ar na Naíonáin Shóisir agus Naíonáin Shinsir agus ar ranganna a cúig agus a sé.

Ag an iar-bhunleibhéal díreoidh an tionscnamh ar an gCéad Bhliain den tSraith Shóisearach ar dtús. Thar thréimhse an tionscnaimh d’fhéadfadh go mbeadh trí chohórt éagsúl daltaí chéad bhliana páirteach nó chohórt amháin scoláirí ó Bhliain 1 go Bliain 3.

Cé mhéad rang/ceacht a chuirfear ar fáil trí mheán na Gaeilge?

Sna Luathbhlianta agus sa bhunscoil beidh sé mar íosriachtanas go mbainfear úsáid as ceachtanna tionscnaimh FCÁT ar feadh 8 seachtaine ar laghad.

Ag an iar-bhunleibhéal: I mBliain forbartha 1, beidh modúl feidhme 1 x 8 seachtaine i ngach ceann de na trí ábhair a bheidh ag tarlú go comhuaineach sa tríú téarma.

Is é a bheidh mar chuspóir i mBlianta 2 agus 3 ná go mbeidh modúil 3x8 seachtaine ag tarlú go comhleanúnach thar na trí théarma.

Conas mar a dhéanfar meastóireacht ar an tionscnamh?

Beidh gá le meastóireacht go rialta ó na cleachtóirí/múinteoirí, ag an tús, i rith agus ag deireadh na bliana. Chuige seo, déanfar acmhainní táscaire/meastóireachta a fhorbairt i mBliain 1 agus a chur ar fáil do chleachtóirí /múinteoirí. Bainfear úsáid freisin as aiseolas ó chleachtóirí/múinteoirí agus ó fhoghlaimoírí mar bhonn eolais chun an cur chuige seo a fhorbairt tuilleadh.

Conas mar a thacófar le cleachtóirí/múinteoirí a bhíonn páirteach?

Cuirfear FGL don chur chuige FCÁT ar fáil do chleachtóirí agus do mhúinteoirí atá páirteach sa tionscnamh. Is é an bonn eolais a bheidh aige seo ná taighde agus saineolaithe tríú leibhéal atá ag obair i réimsí teangeolaíochta agus in oideachas múinteoirí.

Táthar ag súil go mbeidh thart ar sé lá i gceist anseo, cuid de seo mar thacaíocht sa suíomh/scoil.

I mBliain1, cuideoidh na méinteoirí agus na cleachtóirí atá páirteach san oiliúint na cineálacha tacaíochta is mó a chuideoidh leis na rannpháirtithe a aithint (m.sh. pobail chleachtais, braislí srl).

Cuirfear FGL ar fáil agus cuirfear é seo i bhfeidhm i suíomhanna Luathbhlianta agus i seomraí ranga sa tríú téarma. Tarlóidh an rollú amach níos leithne ar an gcur chuige ar bhonn incriminteach i mBlianta 2 agus a 3.